

# Leabhar EAZRÁ

## Na Deoraithe ag Filleadh

**1** Sa chéad bhliain de réimeas Chíorais rí na Peirse, i dtreo go gcomhlíonfaí briathar an Tiarna ó bhéal Irimia, mhúscaíl an Tiarna spiorad Chíorais rí na Peirse le forógra a thabhairt agus é a fhoilsiú ar fud a ríochta go léir: <sup>2</sup>“Mar seo a deir Cíoras rí na Peirse: ‘Thug an Tiarna, Dia neimhe, ríochtaí uile na cruinne dom, agus chuir sé de dhualgas orm Teampall a thógáil dó in Iarúsailéim, in Iúdá. <sup>3</sup>Cibé dá mhuintir go léir atá in bhur measc, go raibh a nDia leo! Téidís suas go Iarúsailéim in Iúdá le Teampall an Tiarna, Dia Iosrael, a thógáil; eisean an Dia atá in Iarúsailéim. <sup>4</sup>Gach duine d’iarmhar a phobail, cibé áit ina bhfuil sé ag cur faoi, tagadh muintir a dhúiche i gcabhair air le hairgead, agus le hór, le maoin agus le heallach, agus le tabhartais dheonacha do Theampall Dé atá in Iarúsailéim.’”

<sup>5</sup>Ansinn cinn fine Iúdá agus Bhiniáimin, na sagairt agus na Léivítigh, agus go deimhin gach aon duine dár spreag Dia an spiorad iontu, chuireadar chun imeachta chun Teampall an Tiarna a atógáil in Iarúsailéim. <sup>6</sup>Chabhraigh a gcomharsana leo ar gach bealach le



hairgead, le hór, le maoin, le heallach agus le tabhartais luachmhara, agus le hofrálacha deonacha de gach sórt.

<sup>7</sup>Thóg Cíoras rí amach soithí Theampall an Tiarna a thug Nabúcadnazar leis ó Iarúsailéim agus a thíolaic sé do theampall a dhé. <sup>8</sup>Chuir Cíoras rí na Peirse iad i lámha Mhitreadát an cisteoir, agus chomhair seisean amach do Shéisbeazar flaith Iúdá iad. <sup>9</sup>Seo é a líon: míle mias óir, míle mias airgid, naoi dtúisteán fichead, <sup>10</sup>deich mbáisín fichead óir, ceithre chéad agus a deich mbabhla airgid agus míle soitheach eile. <sup>11</sup>Ba é líon na soithí go léir d'ór agus d'airgead ná cúig mhíle ceithre chéad [seasca a naoi]. Thug Séisbeazar an t-iomlán sin ar fad leis nuair a d'fhill na deoraithe ar ais ón mBablóin go Iarúsailéim.

## Na Daoine a d'Fhill

**2**B'iad seo muintir an chúige a d'fhill ó dhaoirse agus ó dheoraíocht. Tar éis do Nabúcadnazar rí na Bablóine iad a dhíbirt go dtí an Bhablóin, d'fhilladar go Iarúsailéim agus go Iúdá gach duine go dtí a bhaile féin. <sup>2</sup>Tháinig siad le Zarubáibil, Iéisiúa, Nihimiá, Saráia, Raeláia, Mordacaí, Bilseán, Miospár, Bigví, Rachúm, Báná.

Liosta na bhfear de phobal Iosrael: <sup>3</sup>clann mhac Pharois, dhá mhíle céad seachtó a dó; <sup>4</sup>clann mhac Sheafaitia, trí chéad seachtó a dó; <sup>5</sup>clann mhac Árach, seacht gcéad seachtó a cúig; <sup>6</sup>clann mhac Phachat Móáb, clann mhac Iéisiúa agus Ióáb, dhá mhíle ocht gcéad agus a dó dhéag; <sup>7</sup>clann mhac Éalám, míle dhá chéad agus a caoga ceathair; <sup>8</sup>clann mhac Zatú, naoi gcéad daichead a cúig; <sup>9</sup>clann mhac Zacáí, seacht gcéad agus a seasca; <sup>10</sup>clann



mhac Bháiní, sé chéad daichead a dó; <sup>11</sup>clann mhac Bhaebái, sé chéad fiche a trí; <sup>12</sup>clann mhac Azgád, míle dhá chéad fiche a dó; <sup>13</sup>clann mhac Adoiníceám, sé chéad a seasca a sé; <sup>14</sup>clann mhac Bhigví, dhá mhíle caoga a sé; <sup>15</sup>clann mhac Áidín, ceithre chéad caoga a ceathair; <sup>16</sup>clann mhac Átaer, Hiziciá is é sin, naocha a hocht; <sup>17</sup>clann mhac Bhaezái, trí chéad tríocha a trí; <sup>18</sup>clann mhac Iórá, céad agus a dó dhéag; <sup>19</sup>clann mhac Háisium, dhá chéad fiche a trí; <sup>20</sup>clann mhac Ghiobár, naocha a cúig; <sup>21</sup>clann mhac Bheithile, céad agus a fiche trí; <sup>22</sup>fir Natofá, caoga a sé; <sup>23</sup>fir Anatót, céad fiche a hocht; <sup>24</sup>clann mhac Azmávat, daichead a dó; <sup>25</sup>clann mhac Chiriátaráim, Chipíreá agus Bhaerót, seacht gcéad daichead a trí; <sup>26</sup>clann mhac Rámá agus Gheaba, sé chéad fiche a haon; <sup>27</sup>fir Mhicmeás, céad fiche a dó; <sup>28</sup>fir Bhéitéil agus Háí, dhá chéad fiche a trí; <sup>29</sup>clann mhac Neabó, caoga a dó; <sup>30</sup>clann mhac Mhaigbís, céad caoga a sé; <sup>31</sup>clann mhac Éalám eile, míle dhá chéad caoga a ceathair; <sup>32</sup>clann mhac Háirim, trí chéad agus a fiche; <sup>33</sup>clann mhac Lod, Háidíd, agus Ónó, seacht gcéad fiche a cúig; <sup>34</sup>fir Ireachó, trí chéad daichead a cúig; <sup>35</sup>clann mhac Shaná, trí mhíle sé chéad agus a tríocha. <sup>36</sup>Na sagairt: clann mhac Iadaíá, teaghlach Iéisiúa is é sin, naoi gcéad seachtó a trí; <sup>37</sup>clann mhac Iméir, míle caoga a dó; <sup>38</sup>clann mhac Phaischiúr, míle dhá chéad agus a daichead seacht; <sup>39</sup>clann mhac Háirim, míle agus a seacht déag.

<sup>40</sup>Na Léivítigh, clann mhac Iéisiúa, agus Chaidmíeil: clann mhac Hódavá, seachtó a ceathair. <sup>41</sup>Na cantairí: clann mhac Ásáf, céad fiche a hocht. <sup>42</sup>Lucht faire na ngeataí: clann mhac Shealúm, clann mhac Átaer, clann mhac Thalmon, clann mhac Acúb, clann mhac Haitíteá, clann mhac Sheobái; céad tríocha a naoi ar fad. <sup>43</sup>Na tíolacthaigh: clann mhac Zícheá, clann mhac Hasúpá, clann mhac Thabáót, <sup>44</sup>clann mhac Chéaros, clann



mhac Shuíahá, clann mhac Phádón,<sup>45</sup> clann mhac Labáná, clann mhac Hagábá, clann mhac Acúb,<sup>46</sup> clann mhac Hágáb, clann mhac Sheamlaí, clann mhac Hanán,<sup>47</sup> clann mhac Ghidéil, clann mhac Ghachar, clann mhac Ráiá,<sup>48</sup> clann mhac Reizín, clann mhac Nacódá, clann mhac Ghazám,<sup>49</sup> clann mhac Uzá, clann mhac Phásaech, clann mhac Bhaesai,<sup>50</sup> clann mhac Asná, clann mhac Mheúiním, clann mhac Nifísím,<sup>51</sup> clann mhac Bhacbúc, clann mhac Hacúfá, clann mhac Harchúr,<sup>52</sup> clann mhac Bhazlút, clann mhac Mhichídéa, clann mhac Harsá,<sup>53</sup> clann mhac Bharcós, clann mhac Shíseará, clann mhac Theamach,<sup>54</sup> clann mhac Nizíach, clann mhac Haitífeá.

<sup>55</sup>Clann mhac dhaoir Sholaimh: clann mhac Shotai, clann mhac Hasoifeirit, clann mhac Pharúdá,<sup>56</sup> clann mhac Iálá, clann mhac Dharcón, clann mhac Ghidéil,<sup>57</sup> clann mhac Sheafatiá, clann mhac Haitíl, clann mhac Phoiceirit-haz-Zabáim, clann mhac Ámaí.<sup>58</sup> Líon iomlán na dtíolacthach, agus chlann mhac dhaoir Sholaimh: trí chéad naocha a dó.

<sup>59</sup>Tháinig an mhuintir seo leanas ó Théil Mealach, Téil Harsá, Carúb, Adán, Iméir – ach níorbh fhéidir dóibh a chruthú gur de bhunús Iosraelach a bhfiní ná a sinsir: <sup>60</sup>clann mhac Dhaláíá, clann mhac Thóibíá, clann mhac Nacódá – sé chéad caoga a dó. <sup>61</sup>Ar chlann na sagart: clann mhac Habaiá, clann mhac Hacóz, clann mhac Bhairzilí – fear a phós ceann d’íníonacha Bhairzilí an Gileádach agus a ghlac a ainm. <sup>62</sup>Rinne an mhuintir sin cuardach i gcláir a ggraobh sinseartha ach ní bhfuair siad lua orthu féin iontu i dtreo gur coimeádadh amach as an tsagartacht iad amhail is dá mba neamhghlan dóibh. <sup>63</sup>Dúirt an gobharnóir leo gan na bianna coisricthe a chaitheamh nó go bhfaighfí sagart a rachadh i gcomhairle leis na hÚirím agus na Tuimím.



<sup>64</sup>Ba é líon an chomhthionóil go léir ná daichead dó míle trí chéad agus a seasca, <sup>65</sup>seachas a ndaoir agus a ndaoirseacha, seacht míle trí chéad tríocha a seacht díobhsan ar fad; bhí dhá chéad cantairí idir fhir agus mhná ina dteannta freisin. <sup>66</sup>Bhí seacht gcéad tríocha a sé chapall acu, agus dhá chéad daichead a cúig mhiúil; <sup>67</sup>bhí ceithre chéad tríocha cúig camaill acu, sé mhíle seacht gcéad agus a fiche asal.

<sup>68</sup>Nuair a shroich siad Teampall an Tiarna in Iarúsailéim, rinne cinn finí áirithe ofráilacha deonacha do Theampall an Tiarna, lena atógáil ar a sheanláthair. <sup>69</sup>Rinne siad ofráil de réir a n-acmhainne, seasca a haon míle drachma óir, cúig mhíle míoná airgid agus céad éide sagairt, ar mhaithe leis an gciste naofa. <sup>70</sup>Chuir na sagairt, na Léivítigh, agus cuid den phobal fúthu in Iarúsailéim; agus gardaí na ngeataí, na cantairí, na tíolacthaigh, agus na hIosraelaigh eile, ina mbailte féin.

## Adhradh an Tiarna Arís

**3** Nuair a tháinig an seachtú mí agus go raibh clann mhac Iosrael ina mbailte féin, chruinnigh an pobal go léir le chéile mar aon in Iarúsailéim. <sup>2</sup>Ansin chrom Iéisiúa mac Iózádac agus a chomhshagairt Zarubáibil mac Sheailtíeil lena ghaolta, ar altóir Dhia Iosrael a atógáil, le híobairtí dóite a ofráil uirthi, faoi mar atá scríofa i ndlí Mhaois giolla Dé. <sup>3</sup>Thóg siad an altóir ar a seanláthair d’ainneoin an eagla a bhí orthu roimh phobail na tíre, agus d’ofráil siad íobairtí dóite uirthi, íobairtí uileloiscthe, ar maidin agus tráthnóna. <sup>4</sup>Rinne siad féile na dTaibearnacal a cheiliúradh de réir mar atá scríofa leis an líon íobairtí dóite laethúil atá ceaptha ag an reacht le haghaidh an lae; <sup>5</sup>i dteannta na síoríobartha



uileloiscthe, d’ofráil siad na híobairtí ceaptha [do na sabóidí], d’fhéilte na ré nua, agus do na sollúntais atá naofa don Tiarna, agus na híobairtí deonacha a bhí á ndéanamh ag daoine ar leith don Tiarna. <sup>6</sup>Ón gcéad lá den seachtú mí chrom siad ar íobairtí loiscthe a ofráil don Tiarna. Ach bhí bunchloch shanctóir an Tiarna fós gan leagan.

<sup>7</sup>Ansin thug siad airgead do na saoir chloiche agus admhaid; thug siad bia, deoch agus ola do na Suídónaigh agus do na Tuíriugh, le go dtabharfaidís adhmaid céadair ón Liobáin ar muir go Iopa, rud a bhí ceadaithe dóibh ag Cíoras rí na Peirse. <sup>8</sup>Ba sa dara mí den dara bliain tar éis dóibh teacht go Teampall Dé in Iarúsailéim a chrom Zarubáibil mac Sheailtéil agus Iéisiúa mac Iózádác ar an obair leis an gcuid eile dá mbráithre, na sagairt, na Léivítigh agus an mhuintir go léir a d’fhill ar Iarúsailéim ón deoraíocht. Cheap siad na Léivítigh a bhí fiche bliain d’aois nó os a chionn i bhfeighil na hoibre ar Theampall an Tiarna. <sup>9</sup>D’aontaigh Iéisiúa agus a chlann mhac agus a bhráithre, mar aon le Caidmíel, [Bionúí agus Hódavá], dul i bhfeighil na muintire a bhí ag obair ar Theampall an Tiarna. <sup>10</sup>Nuair a bhí bunchloch shanctóir an Tiarna leagtha ag na saoir, tháinig na sagairt in éidí míne lín le stoic, agus na Léivítigh, clann Ásáf, le ciombail, d’fhonn an Tiarna a mholadh de réir reachtanna Dháiví rí Iosrael. <sup>11</sup>Mhol siad agus mhóraigh siad an Tiarna, “Óir is maith é, agus is seasmhach go deo é a bhuanghrá d’Iosrael.” Agus chan an pobal go léir moltaí an Tiarna in ard a gcinn is a ngutha mar go raibh bunchloch Theampall an Tiarna leagtha. <sup>12</sup>A lán de na sagairt agus de na Léivítigh agus de na cinn finí, an seandream a chonaic lena súile cinn an Teampall [eile roimhe seo ar a mháithreacha] ghoil siad go hard ach chuir mórán eile na gártha áthais suas. <sup>13</sup>Níorbh fhéidir leis an bpobal na gártha



áthais a aithint ó gháir na lógóireachta, mar chuir an pobal gáir chomh hard suas gur chualathas i bhfad ó bhaile í.

## Na Samáirigh go Naimhdeach

**4** Nuair a chuala naimhde Iúdá agus Bhiniáimin go raibh Teampall á thógáil, ag na deoraithe a d'fhill, don Tiarna, Dia Iosrael, <sup>2</sup>tháinig siad go Zarubáibil [agus go Iéisiúa] agus go cinn na bhfiní, agus dúirt siad: “Ba mhaith linn tógáil in bhur dteannta, mar adhráimid bhur nDia bhur ndála féin, agus tá íobairt á déanamh againn chuige ó aimsir Éasar Hadón rí na hAsáire a thug anseo sinn.” <sup>3</sup>D’fhreagair Zarubáibil, Iéisiúa, agus na cinn finí eile Iosraelacha iad: “Ní cóir go rachadh sibhse i bpáirt linn ag tógáil Teampaill dár nDia; dúinne amháin is dual dul i mbun tógála don Tiarna, Dia Iosrael, faoi mar a d’ordaigh Cíoras rí na Peirse dúinn.” <sup>4</sup>Ansin chrom muintir na tuaithe ar mhuintir Iúdá a chur óna thuilleadh tógála a dhéanamh trí dhrochmhisneach agus eagla a chur orthu. <sup>5</sup>Mhealladar comhairleoirí le cur ina gcoinne agus lena gcur dá dtreoir. Mar sin a bhí an scéal le linn réimeas Chíorais rí na Peirse, agus anuas go dtí réimeas Dháire rí na Peirse.

<sup>6</sup>I dtús réimeas Zearxaes rinne siad gearán scríofa in aghaidh áitritheoirí Iúdá agus Iarúsailéim. <sup>7</sup>Le linn Artaxarxaes, scríobh Mitreadát, Tábael agus a gcomhghleacaithe eile litir ghearáin [in aghaidh Iarúsailéim] go hArtaxarxaes rí na Peirse. Bhí téacs na litreach san Aramais agus in aibítir na hAramaise. <sup>8</sup>Ansin scríobh Rachúm an rialtóir agus Simseai an rúnaí an litir seo leanas go hArtaxarxaes ag gearán faoi Iarúsailéim – <sup>9</sup>Rachúm



an rialtóir, Simseai an rúnaí, a gcomhghleacaithe eile, na breithiúna, na gobharnóirí, na feidhmeannaigh Pheirseacha, muintir Uruc, agus na Bablóine agus Shúsa – na hÉalámaigh is é sin – <sup>10</sup> agus na dreamanna eile a sheol Asurbanapal Mór amach agus a bhunaigh sé sa tSamáir agus sa chúige thar Eofrataes.

<sup>11</sup> Seo cóip den litir a sheoladar:

D’Artaxarxes rí, beatha agus sláinte ó do shearbhóntaí ón gcúige thar Eofrataes: Sa mhéid <sup>12</sup> gur chóir faisnéis a thabhairt don rí go bhfuil na Giúdaigh a tháinig aníos ó do thírse go Iarúsailéim ag tógáil na cathrach ceannairce agus urchóide úd, agus ar a ndícheall ag cóiriú na mballaí agus go bhfuil na clocha boinn deisithe cheana féin; <sup>13</sup> agus sa mhéid gur chóir faisnéis a thabhairt don rí dá dtógfaí an chathair úd arís agus go ndeiseofaí a ballaí, go ndiúltódh siad cáin a íoc, nó custaim, nó taillí iompair, agus go ndítheoidís údarás an rí; <sup>14</sup> agus sa mhéid nach dóigh linn gur chóir dúinn a bheith ag faire ar an rí á mhaslú, de bhrí go n-ithimid salann an rí; uime sin cuirimid an fhaisnéis seo chun an rí <sup>15</sup> i dtreo go ndéanfar cuardach i gcartlann do shinsear, agus go bhfaighfear amach inti gur cathair cheannairce an chathair seo, cúis tranglaim do ríthe agus do chúigí, agus cúib ghoir chianaosta easumhlaíochta; dá bharrsan is ea a scriosadh an chathair seo. <sup>16</sup> Tá sé á chur in iúl againn don rí, má atógtar an chathair seo arís, agus go ndeiseofar a ballaí, gur gearr eile a bheidh greim agat ar aon chríocha sa chúige thar Eofrataes.





<sup>17</sup>Sé freagra a thug an rí orthu na seo:

Do Rachúm an rialtóir, do Shimseai an rúnaí, agus dá gcomhghleacaithe eile atá ag cur fúthu sa tSamáir agus sa chuid eile den chúige thar Eofrataes, beatha agus slainte! Sa mhéid <sup>18</sup>gur tiontaíodh agus gur léadh dom an litir a sheol sibh chugam, <sup>19</sup>agus go ndearnadh iniúchadh, de réir mar a d'ordaigh mé, go bhfuarthas amach go n-éiríodh an chathair seo amach in aghaidh ríthe, agus go síoltaí ceannairc agus comhcheilg inti, <sup>20</sup>agus go mbíodh ríthe cumhachtacha i réim in Iarúsailéim agus ceannas acu ar an gcúige thar Eofrataes go léir, agus go ndéanaidís cánacha agus custaim agus táillí a thobhach, <sup>21</sup>ní foláir daoibh cosc a fhógairt ar shaothar na bhfear seo gan mhoill; níl an chathair sin le hatógáil go dtí go ndéanfaidh mise fógra fúithi. <sup>22</sup>Ná déanaigí faillí sa ghnó seo d'fhonn nach ndéanfaí a thuilleadh díobhála do chúis an rí.

<sup>23</sup>A luaithe a léadh an chóip de litir Artaxarxae i láthair Rachúm an rialtóir agus Shimseai an runaí agus a gcomhghleacaithe, bhrostaigh siad leo go dtí na Giúdaigh in Iarúsailéim, agus chuireadar d'iallach orthu le teann foréigin scor dá gcuid oibre.

<sup>24</sup>Cuireadh stop leis an obair ar Theampall Dé in Iarúsailéim ar an gcuma sin. Bhí sí ina stad mar sin go dtí an dara bliain de réimeas Dháire rí na Peirse.

## Atógáil an Teampail

**5** Ansin chrom na fáithe Hagaí agus Zacairiá mac Ideo ar fháidheoireacht do na Giúdaigh a bhí in Iúdá agus Iarúsailéim in ainm Dhia Iosrael a bhí ina dteannta.



<sup>2</sup> Ansin thosaigh Zarubáibil mac Sheailtéil agus Iéisiúa mac Iózádác ar Theampall Dé in Iarúsailéim a thógáil; bhí fáithe Dé in éineacht leo ag tabhairt misnigh dóibh. <sup>3</sup> Ansin is ea a tháinig Tatanaí, gobharnóir an chúige thar Eofrataes, agus Seatar Bózanaí agus a gcomhghleacaithe chucu agus cheistíodar iad: “Cé thug údarás daoibh an Teampall seo a thógáil agus an tsaoireacht seo a dhéanamh?” <sup>4</sup> Chuireadar ceist orthu chomh maith: “Cad is ainm don mhuintir atá i mbun na tógála seo?” <sup>5</sup> Ach bhí súile a nDé dírithe ar sheanóirí na nGiúdach agus níor chuir siad cosc leo nó go gcuirfí tuairisc go Dáire agus go dtiocfadh freagra oifigiúil ar ais i litir uaidh i dtaobh an ghnó.

<sup>6</sup> Cóip den litir a chuir Tatanaí, gobharnóir an chúige thar Eofrataes agus Seatar Bózanaí agus a chomhghleacaithe, na feidhmeannaigh sa chúige thar Eofrataes, go dtí Dáire rí: <sup>7</sup> chuireadar tuairisc chuige a ghabh mar leanas:

Do Dháire rí! Síocháin! <sup>8</sup> Bíodh a fhios ag an rí go ndeachamar go críocha Iúdá, go Teampall Dé Mhóir; tá sé á thógáil de gharbhóga móra cloch, agus tá síleáil d’adhmaid á cur leis na ballaí; tá an obair á déanamh le barr cáiréise, agus tá sí ag dul chun cinn le fuinneamh a ngéag. <sup>9</sup> Chuireamar ceist ar na seanóirí: “Cé a thug údarás daoibh an Teampall seo a thógáil agus an tsaoireacht seo a dhéanamh?” <sup>10</sup> D’fhiafraíomar díobh freisin cad ab ainm dóibh le go mbeadh a fhios agat; ar an tslí sin d’éirigh linn liosta a dhéanamh den mhuintir atá ag maoirseacht ar an muintir sin. <sup>11</sup> Sé freagra a thug siad orainn: “Searbhóntaí do Dhia neimhe agus talún sinne; tá Teampall á atógáil againn a bhí ina sheasamh mórán blianta go dtí le déanaí; rí mór ar Iosrael a thóg agus a chríochnaigh é. <sup>12</sup> Ach chuir ár sinsir fearg ar Dhia neimhe agus thug seisean ar láimh iad do Nabúcadnazar an



Caidéach, rí na Bablóine, agus scrios seisean an Teampall agus rinne sé na daoine a ionnradh go dtí an Bhablóin. <sup>13</sup>Sa chéad bhliain de réimeas Chíorais, ámh, rinne Cíoras rí forógra an Teampall seo Dé a atógáil. <sup>14</sup>Agus na soithí óir agus airgid le Teampall Dé a thóg Nabúcadnazar ón Teampall in Iarúsailéim agus a thug sé leis go dtí an teampall sa Bhablóin, thóg Cíoras rí iad ón teampall sa Bhablóin agus thug ar ais iad do dhuine darbh ainm Séisbeazar, fear a cheap sé ina ghobarnóir. <sup>15</sup>Dúirt sé leis: ‘Tóg na soithí seo; tabhair ar ais iad don sanctóir in Iarúsailéim agus tógtar Teampall an Tiarna ar a láthair bhunaidh.’ <sup>16</sup>Tháinig an Séisbeazar céanna dá bhrí sin agus leag sé clocha boinn Theampall Dé in Iarúsailéim; tá sé á thógáil acu riamh ó shin, ach níl deireadh déanta fós.”

<sup>17</sup>Déantar, dá bhrí sin, le cead an rí, cuardach i gcartlanna an rí sa Bhablóin, féachaint an fíor é gur eisíodh forógra ó Chíoras rí an Teampall seo Dé in Iarúsailéim a atógáil. Cuireadh an rí a thoil in iúl dúinn i dtaobh an ghnó seo.

**6** Ar ordú an rí Dáire rinneadh cuardach sna cartlanna sa Bhablóin mar a raibh na cáipéisí i dtaisce; <sup>2</sup>agus fuarthas in Eachbatana, an dúnfort i gcúige na Méide, scrolla ar a raibh scríofa: “Cuntas: <sup>3</sup>Sa chéad bhliain de réimeas an rí Cíoras, thug Cíoras rí forógra: Teampall Dé in Iarúsailéim: Déantar an Teampall a atógáil mar áit ina n-ofrálfar íobairtí agus ina dtabharfar ofrálacha [le dó]. Bíodh sé trí fichid banlámh ar fad agus trí fichid banlámh ar leithead. <sup>4</sup>Bíodh trí chúrsa de gharbhóga cloch ann, agus cúrsa adhmaid; íoctar an costas as ciste an rí. <sup>5</sup>Na soithí óir agus airgid, le Teampall Dé, a thóg Nabúcadnazar ón sanctóir in Iarúsailéim, agus a thug sé leis go dtí an Bhablóin, tugtar ar



ais iad, i dtreo go ndéanfar gach ní a thabhairt ar ais go dtí an sanctóir in Iarúsailéim agus go gcuirfear isteach i dTeampall Dé arís iad.”

<sup>6</sup>“Uime sin, a Thatanai, gobharnóir an chúige thar Eofrataes, a Sheatar Bózanaí agus sibhse a chomhghleacaithe leo, a fheidhmeannacha an chúige thar Eofrataes, imígí ón áit sin, <sup>7</sup>fágaigí faoi ghobharnóir Iúdá agus faoi sheanóirí na nGiúdach Teampall seo Dé a atógáil ar a sheanláthair. <sup>8</sup>Agus tugaim foláireamh daoibh gur mar seo a chúideoidh sibh le seanóirí na nGiúdach Teampall seo Dé a atógáil: díoltar an costas go hiomlán gan mhoill leis na fir seo as an gcáin ríoga, is é sin, as cíos an chúige thar Eofrataes. <sup>9</sup>Agus cibé rud a bheidh de dhíth orthu do na hÍobairtí dóite do Dhia neimhe – tairbh óga, reithí, uain, nó cruithneacht, salann, fíon, ola – tugtar dóibh é le haghaidh an lae, gan teip de réir mar a éileoidh sagairt Iarúsailéim, <sup>10</sup>i dtreo go n-ofrálfaidís íobairtí taitneamhacha do Dhia neimhe agus go nguífidís fad saoil don rí agus dá chlann mhac. <sup>11</sup>Tá an reacht seo á dhéanamh agam chomh maith: má sháraíonn aon duine an forógra seo, déantar cearchail a staitheadh as a theach, déantar é a chéasadh uirthi, agus déantar carn aoiligh dá theach.

<sup>12</sup>An Dia a chuir a ainm chun lonnaithe ann, go dtreascra sé aon rí nó aon dream a mbeidh sé de dhánaíocht iontu é seo a shárú agus Teampall Dé in Iarúsailéim a scrios! Mise, Dáire, a thug an forógra seo. Déantar é a chomhlíonadh go beacht!”

<sup>13</sup>Ansin rinne Tatanai, rialtóir an chúige thar Eofrataes, Seatar Bózanaí agus a gcomhghleacaithe, gach ar ordaigh an rí Dáire a chomhlíonadh go beacht. <sup>14</sup>D’éirigh go seoidh le seanóirí Iarúsailéim i mbun a dtógála agus misneach acu de bharr fáidheoireachta Hagaí an fáidh agus Zacairiá mac Ideo. <sup>15</sup>Thug siad an tógáil chun críche de réir ordú Dhia Iosrael agus ordú Chíorais agus Dháire (agus Artaxarxes rí na Peirse).



Críochnaíodh an Teampall seo ar an tríú lá fichead de mhí Adár, sa séú bliain de réimeas Dháire rí.

<sup>16</sup>Rinne pobal Iosrael, na sagairt, na Léivítigh, agus an chuid eile de na deoraithe a d'fhill, coisreacan an Teampaill seo a chomóradh faoi lúcháir. <sup>17</sup>Do choisreacan Theampaill seo Dé d'ofráil siad céad tarbh, dhá chéad reithe, ceithre chéad caora, agus dá phocán déag mar íobairt pheaca thar ceann Iosrael go léir, ag freagairt do líon treibheanna Iosrael. <sup>18</sup>Ansin cheap siad na sagairt de réir a n-ord, agus na Léivítigh de réir a ranganna, chun freastal a dhéanamh i dTeampall Dé in Iarúsailéim, mar atá scríofa i Leabhar Mhaois.

## Cáisc á Ceiliúradh

<sup>19</sup>Cheiliúir na deoraithe a d'fhill an Cháisc ar an gceathrú lá déag den chéad mhí. <sup>20</sup>Bhí na sagairt agus na Léivítigh tar éis iad féin a íonghlanadh in éineacht; bhí siad uile glan agus mharaigh siad an t-uan Cásca thar ceann na ndeoraithe go léir a d'fhill, thar ceann a mbráithre na sagairt agus thar a gceann féin. <sup>21</sup>D'ith an mhuintir seo leanas an Cháisc: na hIosraelaigh go léir a d'fhill óna ndeoraíocht, agus iad siúd go léir a scar le truailletheacht a gcomharsana máguaird agus a ghabh leo ag adhradh an Tiarna, Dia Iosrael <sup>22</sup>Cheiliúir siad féile an tSlimaráin ar feadh seacht lá le háthas croí, mar thug an Tiarna ábhar lúcháire dóibh, mar gur bhog sé croí rí na hAsáire le misneach a thabhairt dóibh i mbun a saothair ar Theampall an Tiarna, Dia Iosrael.



## Misean Eazrá

**7** Tar éis na n-imeachtaí sin, i réimeas Artaxarxaes rí na Peirse, ghabh Eazrá mac Sharáia, mac Azairiá, mac Hilcíá,<sup>2</sup> mac Shealúm, mac Zádóc, mac Aichítiúb,<sup>3</sup> mac Amairiá, mac Mharáiót,<sup>4</sup> mac Zarachíá, mac Uizí, mac Bhucaí,<sup>5</sup> mac Aibíosúa, mac Phíneachás, mac Eileázár, mac Árón, an t-ardsagart – <sup>6</sup>ghabh an fear seo Eazrá suas ón mBablóin. Ba scríobhaí é a bhí oilte ar dhlí Mhaois, an dlí a thug an Tiarna, Dia Iosrael. Thug an rí dó gach ar iarr sé mar bhí gnaoi a Dhé, an Tiarna, air go tréan. <sup>7</sup>Chuaigh líon áirithe Iosraelach, sagairt, Léivítigh, cantairí, gardaí geata, agus tíolacthaigh suas go Iarúsailéim sa seachtú bliain de réimeas Artaxarxaes rí. <sup>8</sup>Tháinig sé siúd go Iarúsailéim ar an gcúigiú mí; ba í an seachtú bliain de réimeas an rí í, <sup>9</sup>mar bheartaigh seisean imeacht ón mBablóin ar an gcéad lá den chéad mhí, agus shroich sé Iarúsailéim ar an gcéad lá den chúigiú mí; bhí lámh chneasta a Dhé leis go dearfa. <sup>10</sup>Óir bhí Eazrá luite ó chroí le staidéar a dhéanamh ar dhlí an Tiarna agus lena chleachtadh, agus lena aitheanta agus a fhorálacha a theagasc d'Iosrael.

## Forógra Artaxarxaes

<sup>11</sup>Seo cóip den cháipéis a thug Artaxarxaes rí d'Eazrá an sagart agus an scríobhaí a bhí oilte go sainiúil ar théacs aitheanta an Tiarna agus ar a dhlíthe ag baint le hIosrael.

<sup>12</sup>Artaxarxaes, rí na ríthe, don sagart Eazrá, scríobhaí dhlí Dé neimhe, [síoth agus síocháin!]. <sup>13</sup>Seo iad m'orduithe: aon duine i mo ríocht de phobal Iosrael, dá



sagairt nó dá Léivítigh, a roghnóidh dá thoil féin, dul suas go Iarúsailéim, níl a bhac air dul leat. <sup>14</sup>Óir tá tusa do do sheoladh ag an rí agus ag a sheachtar comhairleoirí le hiniúchadh a dhéanamh ar Iúdá agus ar Iarúsailéim de réir dhlí do Dhé atá i do sheilbh, <sup>15</sup>agus freisin leis an airgead agus leis an ór a bhreith leat, a d’ofráil an rí agus a chomhairleoirí go deonach do Dhia Iosrael, atá ag cur faoi in Iarúsailéim, <sup>16</sup>agus chomh maith céanna a bhfaighidh tú d’airgead agus d’ór i gcúige na Bablóine go léir, mar aon leis na hofrálacha deonacha a rinne an pobal agus na sagairt do Theampall bhur nDé atá in Iarúsailéim. <sup>17</sup>Leis an airgead seo ceannaigh go fonnmhar, tairbh, reithí agus uain agus na habhlanna agus na hofrálacha dí a ghabhann leo; agus íobair iad ar altóir Theampall do Dhé atá in Iarúsailéim. <sup>18</sup>An fearasbarr óir agus airgid, caith é mar is áil leat féin agus le do bhráithre de réir thoil do Dhé. <sup>19</sup>Leag na soithí a tugadh duit i gcomhair seirbhís Theampall do Dhé i bhfianaise do Dhé in Iarúsailéim. <sup>20</sup>Aon rud eile a bhíonn de dhíth ar Theampall do Dhé, a tharlóidh a bheidh á chur ar fáil agat, déan é a sholáthar le cabhair chiste an rí. <sup>21</sup>Agus mise, Artaxarxaes rí, tugaim an t-ordú seo do chisteoirí uile an chúige thar Eofrataes: Cibé rud a iarrfaidh Eazrá, scríobhaí dhlí Dhia neimhe, ceadaigí é ar an toirt, <sup>22</sup>gan agaibh mar theorainn ach céad tallann airgid, céad tomhas cruithneachta, céad dabhach fíona, céad dabhach ola, agus an oiread salainn agus a éilítear. <sup>23</sup>Ní foláir gach a n-ordaíonn Dia neimhe a chur i gcrích le díograis ar mhaithe le Teampall Dhia neimhe, le heagla go dtiocfadh fraoch a fheirge ar ríocht an rí agus a mhac. <sup>24</sup>Bíodh a fhios agaibh chomh maith go bhfuil cosc ar cháin nó custaim nó táillí a leagan ar shagairt nó ar



Léivítigh, ar chantairí nó ar ghardaí geata, ar thíolacthaigh nó ar shearbhóntaí Theampall Dé.

<sup>25</sup>Agus maidir leatsa, a Eazrá, de réir eagna do Dhé atá i do sheilbh, ceap scríobhaithe agus breithiúna a riarfaidh an chóir ar mhuintir uile an chúige thar Eofrataes, orthu siúd go léir is é sin arb eol dóibh dlí do Dhé; an mhuintir nach eol dóibh é, déan é a theagasc dóibh. <sup>26</sup>Má dhiúltaíonn aon duine do dhlí do Dhé – agus is é sin leis dlí an rí – cuirtear an daorbhreith i bhfeidhm air go dian – bás nó ionnarbadh, gabháil maoiné nó carcair.

## An Turas

<sup>27</sup>Moladh leis an Tiarna, Dia ár sinsear, a spreag croí an rí ar an gcuma sin chun Teampall an Tiarna in Iarúsailéim a mhóradh, <sup>28</sup>agus a ghnóthaigh domsa gnaoi an rí agus a chomhairleoirí agus feidhmeannach róchumhachtach an rí. Tháinig misneach orm féin mar go raibh gnaoi an Tiarna mo Dhia orm, agus chruinnigh mé ceannairí Iosrael le chéile le dul suas in éineacht liom.

**8** Seo iad na cinn finí a chuir chun bealaigh ón mBablóin i mo theannta le linn Artaxarxaes rí, agus seo iad a nginealaigh:

<sup>2</sup>De chlann mhac Phíneachás: Géirseom; de chlann mhac Íteámár: Daníéil; de chlann mhac Dháiví: Hatúis, <sup>3</sup>mac Sheacainiá; de chlann mhac Pharóis: Zacairiá, lenar cláraíodh céad go leith fear; <sup>4</sup>de chlann mhac Phachat Móáb: Eilíhéanaí mac Zaraichiá, agus dhá





chéad fear ina theannta; <sup>5</sup> de chlann mhac [Zatú]: Seacainiá mac Iachaizíeil agus trí chéad fear ina theannta; <sup>6</sup> de chlann mhac Áidín: Eibid mac Iónátán agus leathchéad fear ina theannta; <sup>7</sup> de chlann mhac Éalám: Isiá mac Atailiá agus seachtó fear ina theannta; <sup>8</sup> de chlann mhac Sheafatiá: Zabaidiá mac Mhíocáeil agus ceithre fichid fear ina theannta; <sup>9</sup> de chlann mhac Ióáb: Obaidiá mac Ichíeil agus dhá chéad agus ochtar fear déag ina theannta; <sup>10</sup> de chlann mhac [Bháiní]: Sealóimít mac Ióisifiá agus céad trí fichid fear ina theannta; <sup>11</sup> de chlann mhac Bhaebái: Zacairiá mac Bhaebái, agus ochtar ar fhichid ina theannta; <sup>12</sup> de chlann mhac Azgád: Ióchánán mac Hacátán agus deichniúr agus céad ina theannta; <sup>13</sup> de chlann mhac Adoiníceám: sóisir na clainne darbh ainm: Eilífilit, Ieíeil, agus Seamaíá, agus trí fichid fear ina dteannta; <sup>14</sup> de chlann mhac Bhigví: Útaí mac Zabúd, agus trí fichid fear ina theannta.

<sup>15</sup> Chruinnigh mé iad go bruach na habhann a shníonn go hAhavá agus shuíomar campa ansiúd ar feadh trí lá. Rinne mé iniúchadh orthu agus chonaic mé tuataí agus sagairt ina measc, ach gan aon Léivítigh. <sup>16</sup> Chuir mé Eilíeizir, Airíeil, Seamaíá, Ealnátán, Iáiríb, Ealnátán, Nátán, Zacairiá agus Misiulám, dream tuisceanach – <sup>17</sup> agus sheol mé iad go hIdeo ceannasaí shanctóir Chásaiíá; d’inis mé dóibh an teachtaireacht a bhí le tabhairt acu do Ideo agus dá bhráithre a bhí ag cur fúthu i sanctóir Chásaiíá .i. searbhóntaí a sholáthar dúinn do Theampall ár nDé. <sup>18</sup> Ansin, a bhúí le gnaoi ár nDé a bhí orainn, chuir siad chugainn fear éirimiúil, de chlann Mhailí mhic Léiví mhic Iosrael, Séiribiá lena chlann mhac agus lena ghaolta, ochtar déag ar fad; <sup>19</sup> agus Haisibiá chomh maith agus Isiá ina theannta de chlann mhac Mharáraí, agus a gclann mhac – fiche fear; <sup>20</sup> agus seachas sin



dhá chéad agus a fiche tíolacthach de na tíolacthaigh a cheap Dáiví agus a fheidhmeannaigh le freastal ar na Léivítigh. Cláraíodh an mhuintir sin go léir ó ainm.

<sup>21</sup>D'fhógair mé troscadh ansiúd, ansiúd cois abhann Ahavá, d'fhonn go ndéanfaimis sinn féin a umhlú os comhair ar nDé agus go n-iarrfaimis air go n-éireodh ár mbóthar linn féin, lenár gclann agus lenár maoin. <sup>22</sup>Óir ba leasc liom cuideachta saighdiúirí agus marshlua a lorg ar an rí le sinn a chosaint ón namhaid ar an tslí mar bhí sé ráite cheana féin againn leis an rí: “Tá lámh ar nDé leata mar sciath chosanta ar cách a lorgann é, agus a neart agus a fhearg ar chách a thugann cúl leis.” <sup>23</sup>Rinneamar troscadh dá bhrí sin, á impí sin ar Dhia agus thug sé cluas dár n-impí.

<sup>24</sup>Thogh mé dháréag de na príomhshagairt, Séiribíá agus Haisibíá agus deichniúr dá ngaolta mar aon leo; <sup>25</sup>thomhais mé amach chucu an t-airgead, an t-ór, na soithí, agus na hofrála a thoirbhir an rí agus a chomhairleoirí agus a mhaithe, agus na hIosraelaigh go léir a bhí i láthair, do Theampall ár nDé. <sup>26</sup>Thomhais mé amach ina lámha chucu: sé chéad go leith tallann airgid, céad soitheach airgid ab fhiú [dhá thallann], céad tallann óir, <sup>27</sup>fiche mias óir ab fhiú míle dáireach, agus dhá áras de chré-umha mín geal a bhí chomh luachmhar le hór. <sup>28</sup>Dúirt mé leo: “Tá sibhse coisricthe don Tiarna; tá na soithí seo naofa; ofrála deonacha don Tiarna, Dia bhur sinsear, an t-ór agus an t-airgead. <sup>29</sup>Tugaigí aire dóibh agus coinnigí slán iad nó go dtomhaisfidh sibh iad i láthair na bpríomhshagart, na Léivíteach agus chinn finí Iosrael in Iarúsailéim i seomraí Theampall an Tiarna.” <sup>30</sup>Ghlac na sagairt agus na Léivítigh cúram an airgid, an óir agus na soithí, a tomhaiseadh, orthu féin, lena dtabhairt go Iarúsailéim go Teampall ar nDé.



<sup>31</sup>Ar an dara lá déag den chéad mhí d’fhágamar abhainn Ahavá ar ár mbealach go Iarúsailéim; bhí gnaoi ár nDé orainn agus chosain sé ar an tslí sinn ó naimhde agus ó róbálaithe. <sup>32</sup>Bhaineamar amach Iarúsailéim agus d’fhanamar ann ag ligean ar scíthe ar feadh trí lá. <sup>33</sup>Ar an gceathrú lá tomhaiseadh an t-ór agus an t-airgead i dTeampall ár nDé agus tugadh iad ar a lámha do Mharaemót an sagart, mac Úiríá, agus mar aon leis bhí Eileázár mac Phíneachás; agus ina dteannta bhí na Léivítigh Iózábád mac Iéisiúa agus Nóaidiá mac Bhionúí. <sup>34</sup>Bhí an t-iomlán ann idir líon agus mheáchan. Breacadh meáchan gach ní ar phár.

<sup>35</sup>Um an dtaca sin rinne an mhuintir a d’fhill ón mbraighdeanas, na deoraithe go léir a d’fhill, íobairtí uileloiscthe a ofráil do Dhia Iosrael, dhá tharbh déag thar ceann Iosrael go léir, nócha sé reithe, seachtó seacht uan, agus, mar ofráil pheaca, dhá phocán déag; ofráladh an t-iomlán mar íobairt uileloiscthe don Tiarna. <sup>36</sup>Cuireadh na treoracha a thug an rí in iúl d’fheidhmeannaigh an rí agus do ghobharnóirí an chúige thar Eofrataes, agus ansin thugadarsan cabhair don phobal agus do Theampall an Tiarna.

## Póstaí Measctha

**9**Nuair a bhí an méid sin déanta tháinig na huachtaráin chugam agus dúirt: “Ní dhearna pobal Iosrael ná na sagairt ná na Léivítigh iad féin a dheighilt ó phobail na dtíortha atá báite i ngráiniúlachtaí – na Canánaigh, na Hitigh, na Pirizigh, na Iabúsaigh, na hAmónaigh, na Móábaigh, na hÉigiptigh agus na hAmóraigh – <sup>2</sup>ach fuair siad mná i measc na mban deoranta sin dóibh féin agus dá gclann mhac; tá an cine naofa cumasctha



le bunadh na dtíortha; sa bheart fill seo, is iad na huachtaráin agus na feidhmeannaigh a bhí i dtús cadhnaíochta.”<sup>3</sup> Nuair a chuala mé an scéal seo, stróic mé mo chuid éadaigh agus m’fhallaing; stoith mé gruaig mo chinn agus m’fhéasóige, agus shuigh mé síos le barr anbhainne.<sup>4</sup> Agus gach n-aon a chuir briathra Dé Iosrael ar ballchrith, chruinnigh siad i mo thimpeall toisc mídhílseacht seo na ndeoraithe a d’fhill. Ach maidir liomsa, bhí mé i mo shuí ansiúd in anbhainne go tráth íobairt an tráthnóna.<sup>5</sup> Um thráth íobairt an tráthnóna, d’éirigh mise, Eazrá, as an toirchim ina raibh mé, agus lig mé mé féin fúm ar mo ghlúine agus mo chuid éadaigh agus m’fhallaing stróicthe. Shín mé mo lámha amach chun an Tiarna mo Dhia<sup>6</sup> agus dúirt:

“A Dhia, tá ceann faoi orm agus lasaim le náire agus m’aghaidh á tógáil chugat agam, a Dhia liom, mar méadaíodh ár gcoireanna nó go bhfuil siad níos airde ná ar gceann, agus carnadh suas ár bpeaca ionas go sroicheann sé na flaithis.<sup>7</sup> Ó laethanta ar sinsear i leith is mór í ár gciontacht; agus i ngeall ar ár n-urchóidí tugadh sinn féin, ár ríthe agus ár sagairt, isteach i lámha ríthe tíortha eile, agus tugadh suas don chlaíomh sinn, don bhraighdeanas, don chreach agus don náire. Agus is amhlaidh atá an scéal inniu.<sup>8</sup> Ach anois, go tobann, tá an Tiarna ár nDia tar éis bheith fabhrach linn; d’fhág sé fuíoll áir againn agus thug sé tearmann dúinn ina áit naofa; sin mar a thug Dia cáil solais dár súile agus cáil faoisimh ónár mbraighdeanas.<sup>9</sup> Óir is daoir sinn. Mar sin féin ní dhearna Dia dearmad dínn inár ndaoirse, ach nocht sé a bhuanghrá inár leith i láthair ríthe na Peirse agus fuair sé cead dúinn Teampall ár nDé a atógáil agus caoi a chur ar a fhothracha agus chuir sé foscadh agus dídean ar fáil dúinn in Iúdá agus in Iarúsailéim.<sup>10</sup> Ach anois céard atá le rá againn, a Dhia, tar éis an chineáltais seo, agus gur thréigeamar d’aitheanta?<sup>11</sup> Na



haitheanta a d'aithin tú trí do shearbhóntaí na fáithe á rá: ‘An tír ina bhfuil sibh ag dul le seilbh a ghabháil air, is tír é atá neamhghlan mar gur thruailligh na ciní dúchasacha é leis na gráiniúlachtaí lenar shalaigh siad é ó cheann ceann. <sup>12</sup>Uime sin ná tugaigí bhur iníonacha mar mhná chéile dá mic, agus ná tógaigí a n-iníonachasan mar mhná do bhur mic féin; ná bíodh mairg oraibh faoina síocháin ná faoina gconách siúd, i dtreo go rachadh sibh féin i neart, go n-íosfadh sibh togha torthaí na tíre agus go bhfagfadh sibh é mar oidhreacht ag bhur sliocht go brách.’

<sup>13</sup>“Agus anois tar éis ar bhain dúinn de bharr ár ndrochghníomhartha agus ár mórchiontacht – cé go ndearna tusa, a Dhia, ár gcionta a mheas níos éadroime ná mar is cóiriúil iad agus gur fhág tú an fuíoll áir seo anseo againn – <sup>14</sup>an mbrisfimidne d'aitheanta arís agus cleamhnais a dhéanamh arís leis na ciníocha a chleachtann a leithéid de ghráiniúlacht? Nach gcuirfeadh sin an oiread sin feirge ort go ndéanfá sinn a scriosadh i slí nach bhfágfaí fuíoll áir ná fear inste scéil? <sup>15</sup>A Thiarna, a Dhia Iosrael, de bharr d'fhíréantachta, fágadh fuíoll áir againn a tháinig slán mar atá anseo inniu; seo sinn anois i do láthair faoi ualach ár bpeacaí, agus dá bharrsan ní féidir d'aon duine seasamh i do láthair.”

**10**Fad a bhí Eazrá ag guí agus ag admháil peacaí le deora agus é faon ar lár os comhair Theampall an Tiarna, chruinnigh slua mór Iosraelach ina thimpeall idir fhir agus mhná agus leanaí, agus iad ag gol go goirt. <sup>2</sup>Ansin labhair Seacainiá mac Ichíeil de chlann Éalám amach agus dúirt le hEazrá: “Rinneamar feall ar ár nDia agus phósamar mná deoranta de phór dúchasach na tíre; ach dá ainneoin sin, tá dóchas éigin ann



d'Iosrael fós. <sup>3</sup>Déanaimis conradh lenár nDia, ár mná seo go léir agus an chlann a rugadh dóibh a chur i leataobh de réir do chomhairle-sé agus a gcomhairle siúd a chreathnaíonn roimh aithne ár nDé. Déanaimis de réir an dlí. <sup>4</sup>Éirigh! Is é do chúramsa é, ach beimidne le d'ais. Bíodh misneach agat! Ar aghaidh leat!” <sup>5</sup>Ansin d'éirigh Eazrá agus chuir d'iallach ar na príomhshagairt agus ar na Léivítigh agus ar na hIosraelaigh go léir mionn a thabhairt go ndéanfaidís mar a dúradh; thug siad an mionn. <sup>6</sup>Ansin d'imigh Eazrá leis óna ionad os comhair Theampall an Tiarna agus chuaigh isteach i seomra Iahóchánán mac Eiliáisib mar ar [fhan sé an oíche sin] gan arán ná uisce a chaitheamh, mar bhí sé ag caoineadh feall na ndeoraithe.

<sup>7</sup>Eisíodh fógra in Iúdá agus in Iarúsailéim do na deoraithe go léir a d'fhill, á rá leo cruinniú le chéile in Iarúsailéim, <sup>8</sup>agus aon duine nach dtiocfadh laistigh de thrí lá – ba é sin rabhadh na gceannairí agus na seanóirí – go ndéanfaí a mhaoin go léir a ghabháil agus é féin a dhíbirt ó chomhthionól na ndeoraithe. <sup>9</sup>Dá bharrsan tháinig muintir Iúdá agus Bhiniáimin go léir le chéile in Iarúsailéim laistigh de thrí lá; ba é an naoú mí é, agus an fichiú lá den mhí. Chruinnigh an pobal go léir sa chearnóg os comhair Theampall an Tiarna. Bhí siad ar ballchrith de bharr na hócáide agus de bharr tulca báistí. <sup>10</sup>Ansin d'éirigh Eazrá an sagart ina sheasamh agus dúirt: “Rinne sibh feall mar gur phós sibh mná deoranta, agus chuir sibh le ciontacht Iosrael. <sup>11</sup>Ach anois beirigí buíochas leis an Tiarna, Dia bhur sinsear, agus déanaigí a réir; scarraigí le pór na tíre agus le bhur mná deoranta.” <sup>12</sup>D'fhreagair an comhthionól go léir d'aonghuth in ard a gcinn: “Mar sin atá; is é ár ndualgas déanamh mar a deir tú! <sup>13</sup>Ach tá mórán daoine anseo agus is é séasúr na báistí é agus ní féidir dúinn fanacht amuigh faoin spéir. Ní gnó lae nó dhó é seo, mar pheacaigh a



lán againn ar an tslí seo. <sup>14</sup>Déanadh ár gceannairí ionadaíocht don chomhthionól go léir; tagadh an mhuintir inár gcathracha a thóg mná deoranta chucu ar am ceaptha agus seanóirí agus breithiúna ó gach cathair ina gcoimhdeacht, nó go gcuirfear dínn fraoch feirge ár nDé i dtaobh an ghnó seo.” <sup>15</sup>Níor chuir aon duine ina choinne sin ach Iónátán mac Asáhael agus Iachzaiá mac Thicveá, le tacaíocht ó Mhisiulám agus ó Sheabataí an Léivíteach. <sup>16</sup>Rinne na deoraithe de réir an mholta sin. [Thogh] Eazrá an sagart mar chúntóirí, cinn na bhfiní de gach teaghlach, agus gach duine díobh luaite ó ainm. Shuigh siad le breith a thabhairt ar na cásanna faoi leith ar an gcéad lá den deichiú mí, <sup>17</sup> agus faoin gcéad lá den chéad mhí bhí cás na bhfear go léir a thóg mná deoranta pléite acu.

<sup>18</sup>Seo iad ainmneacha na bhfear de shliocht na sagart a fuarthas a phos mná deoranta: Ar chlann mhac Iéisiúa mac Iózádác agus i measc a ghaolta: Másaeiá, Eilíeizir, Iáiríb agus Gadailiá. <sup>19</sup>Thug siad a mbriathar gill go gcuirfidís a mná ar shiúl agus d’ofráil siad reithe mar íobairt pheaca mar leorghníomh ina gciontacht. <sup>20</sup>Ar chlann mhac Iméir: Hanáiní agus Zabaidiá; <sup>21</sup>ar chlann mhac Háirim: Másaeiá, Éilíá, Seamaiá, Ichíeil agus Uizíá; <sup>22</sup>ar chlann mhac Phaischiúr: Eilióaenaí, Másaeiá, Ísmeáeil, Natanael, Iózábád agus Ealásá; <sup>23</sup>ar na Léivítigh: Iózábád, Simeí, Caeliá – Cilíeá is é sin – Pataichiá, Iúdá agus Eilíeizir; <sup>24</sup>ar na cantairí: Eiliáisíb [agus Zacúr]; ar ghardaí na ngeataí: Sealúm agus Teilim agus Úirí.

<sup>25</sup>Ar na hIosraelaigh: ar clann mhac Pharois: Raimiá, Ízía, Mailcíveá, Míováimin, Eileázár, Mailcíveá agus Banáia; <sup>26</sup>ar chlann mhac Éalám: Matainiá, Zacairiá, Ichíeil, Aibdí, Iréamót agus Éilíá; <sup>27</sup>ar chlann mhac Zatú: Eilióaenaí, Eiliáisíb, Matainiá, Iréamót, Zábád agus Aizízeá; <sup>28</sup>ar chlann Bhaebaí: Iahóchánán, Hanainiá, Zabaí agus Atlái; <sup>29</sup>[ar



chlann BhigvÍ]: Misiulám, Malúc, Iadáia, Iáisiúb, Seál agus Iréamót; <sup>30</sup> ar chlann Phachat Móáb: Adná, Calál, Banáia, Másaeia, Matainia, Bazael, Bionúi agus Manaise; <sup>31</sup> ar chlann mhac Háraim: Éilíeizir, Isíveá, Mailcíveá, Seamaia, Simeon, <sup>32</sup> Biniáimin, Malúc agus Samairia; <sup>33</sup> ar chlann mhac Háisiúm: Matanaí, Matatá, Zábád, Eilífilít, Iréama, Manaise agus Simeí; <sup>34</sup> ar chlann mhac Bháiní: Madaí, Amráim, Úeíl, <sup>35</sup> Banáia, Béidia, Calúihí, <sup>36</sup> Vainia, Maraemót, Eiliáisib, <sup>37</sup> Matainia, Matanaí agus Iásaú; <sup>38</sup> ar chlann mhac Bhionúi: Simeí, <sup>39</sup> Seilimia, Nátán agus Adáia; <sup>40</sup> [ar chlann mhac Zacaí]: Seáisaí, Searái, <sup>41</sup> Azarael, Seilimia, Samairia, <sup>42</sup> Sealúm agus Amairia, agus Iósaef; <sup>43</sup> ar chlann mhac Neabó: Ieíeil, Maititia, Zábád, Zibínea, Iadaí, Ióeíl, Banáia. <sup>44</sup> Bhí siadsan go léir pósta le mná deoranta; chuir siad ar shiúl iad, [idir mhná agus chlann].

